

AN EISÉINNE

An eiséinne is binne dá gcuala an duine
Ó leabhar léighte na ndámh
Íosa an t-aonmhac agus é dá spiochadh
Tar éis a chrochadh ar an gcrann
Dia hAoine crochadh Cuimín
Creideamh na bhfóraon
'S gur ar shon an tsaoghail mhóir seadh
d'fhulaing Mac na hÓighe an phian
is ionann dúinn-ne an tsúil chorr
agus feiceál as an tsúil chorr
agus feiceál as an anshógh íseal
an té nár choigil an laoch i leirg
agus an chloch dhearg ina láimh
Sé imirc an daill annsiúd anoir
Ó chríocha dubha na nIndiacha
Ní ar mhaithe leis an Rí a tháinig sé
Ach dá shíor-chur i bpiriachaibh
An dall nuair a d'fhosgail sé a shúile
Agus bhreathnuigh sé ar ghnúis Mhic Dé
Ar thoradh troma na talmhana
A mharbhaí nach ndéanfadh sé.
Dá néanamaois mar d'orsuigh an t-Aonmhac dúinn
Maith a dhéanamh in aghaidh an uilc
Agus bráithlín gheal a chur faoi gach aon neach
Ansiúd sea d'eirigh an fear sonaí suas
D'fíafuigh sé cá raibh a ionad féin agus a bhuadh
I measg na righte agus na sluaighte
Bhuail sé na corra bosa ro-gheala ro-ghlana
Faoi iomad de bhaintreabhachaí
Leig sé na trí fuilt faoi na trí réalta
Leig sé na trí cathracha faoi n-a chéile
Níl aon duine a mbeadh an Eiséinne Mhuire aige
Agus í a ghabáil gach tráth
Nach bhfeicfeadh an Mhaighdean Mhuire
Trí huaire sul dá bhfaigheadh sé bás.

9/4/30

10/1/34